I 2022, trí chomhoifigí Oifig an Ombudsman, seoladh Ráiteas Straitéise do 2022 – 2025 ([www.ombudsman.ie/news/ombudsman-publishes-strat/index](http://www.ombudsman.ie/news/ombudsman-publishes-strat/index)).

Cuimsíonn Oifig an Ombudsman sé fheidhm reachtúil éagsúil agus tacaítear leo go léir ónár “Croílár Corparáideach”. Agus straitéis á forbairt a thacaíonn agus a urramaíonn neamhspleáchas feidhmiúil gach comhlachta reachtúil, ghlacamar leis an gcur chuige tosú leis na rudaí a aontaíonn sinn mar eagraíocht iomlán a shainaithint. Chuamar i gcomhairle lenár bpáirtithe leasmhara seachtracha agus le baill foirne ó gach ceann de na Oifigí agus na hAonaid Ghnó ar leith. Chuir an próiseas seo eolas ar fáil d’athmheasúnú ar ár bhfís, ár gcultúr eagraíochtúil agus ár luachanna; ár bpríomhthionchair straitéiseacha a bhreithniú; agus ár dtéamaí straitéiseacha comhroinnte a fhorbairt.

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo ár bpríomhchuspóirí go dtí 2025. Tá sé phríomhthéama straitéiseacha sa Ráiteas. Tá gach ceann de na téamaí seo mar bhonn agus mar thaca ag cuspóirí straitéiseacha ar leith ach nasctha le haghaidh gach oifig aonair agus tacaíonn ár gcuspóirí straitéiseacha seirbhísí comhroinnte leo.

## An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí

Comhlacht neamhspleách é an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí a bunaíodh i Nollaig 2001 faoin *Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001*. Seo a leanas na comhaltaí a bhí ann in 2022:

- > An Breitheamh Onórach Garrett Sheehan, Cathaoirleach
- > Geraldine Feeney, iarchomhalta de Sheanad Éireann
- > Séamus McCarthy, an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
- > Ger Deering, Ombudsman
- > Peter Finnegan, Cléireach Dháil Éireann
- > Martin Groves, Cléireach Sheanad Éireann

Is í Oifig an Ombudsman a chuireann rúnaíocht ar fáil don Choimisiún.

Tá ról mhaoirseachta ag an gCoimisiún faoi chúig phíosa ar leith reachtaíochta (arna leasú):

- > An *tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995* agus an *tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001* (“na *hAchtanna um Eitic*” i dteannta a chéile);
- > An *tAcht Toghcháin, 1997*;
- > An *tAcht um Oifigí Aireachta agus Páirliminte, 1938*; agus
- > An *tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015*.

Tá ról ag an gCoimisiún freisin imscrúdú a dhéanamh ar neamhchomhlíonadh féideartha Chuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Baineann an tuarascáil seo le feidhmeanna an Choimisiúin faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015. Eisíonn an Coimisiún tuarascáil bliantúil ar leith ina gclúdaítear a ghníomhaíochtaí mar a bhaineann siad leis an reachtaíocht eile a riar atá faoina shainchúram aige.

# **Caibidil a hAon:**

Clárúcháin agus Tuairisceáin



# Caibidil a hAon

## Clárúcháin agus Tuairisceáin

Faoin *Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015*, téann duine i mbun brústocaireachta má (go hachomair) dhéanann an duine cumarsáid dhíreach nó indíreach le hoifigeach poiblí ainmnithe faoi ‘ábhar ábhartha’ (lena n-áirítear talamh a fhorbairt nó a zónáil), níl an chumarsáid eisceithe, agus:

- (a) Is fostóir é an duine ag a bhfuil os cionn 10 fostaí lánaimseartha nó is comhlacht ionadaíoch nó tathanta é an duine ag a bhfuil os cionn 10 fostaí lánaimseartha, nó
- (b) Tá an duine sin á íoc chun cumarsáid a dhéanamh thar ceann duine de na daoine atá luaite in (a) thuas.

Ní mór dóibh siúd a dhéanann gníomhaíochtaí brústocaireachta, nó a bhfuil sé ar intinn acu é sin a dhéanamh, clárú leis an gCoimisiún. Ina dhiaidh sin, ní mór do chláraithe tuairisceáin a chur isteach maidir le gníomhaíocht bhrústocaireachta i leith trí thréimhse tuairiscithe sa bhliain, is iad sin: 1 Eanáir – 30 Aibreán, 1 Bealtaine – 31 Lúnasa agus 1 Meán Fómhair – 31 Nollaig. Caithfear tuairisceáin a chur isteach laistigh de 21 lán tar éis don thréimhse tuairiscithe a bheith críochnaithe.

### 1.1 Cláraithe nua

Cuireann an **Tástáil Trí Chéim** ar chumas chláraithe féideartha, a dheimhniú an bhfuil siad nó an mbeidh siad i mbun gníomhaireachtaí brústocaireachta, rud a chiallaíonn go gcaithfidh siad clárú. Tá an tástáil, chomh maith le treoir eile faoin reachtaíocht, le fáil ar shuíomh grésáin lobbying.ie. Nuair a dhéanann siad an cinneadh chun clárú, déanann an Coimisiún gach clárú a athbhreithniú chun cinnte a dhéanamh de go bhfuil sé riachtanach don duine clárú agus má tá, an bhfuil sé déanta i gceart acu. Más amhlaidh gur chláraigh duine trí earráid, bainfidh an Coimisiún an clárú agus aon tuairisceáin a cuireadh isteach.

Seoltar litir chuig gach cláraí nua ina dhírítear aird ar na spriocdhátaí do na tréimhsí tuairiscithe, ar an gcleachtadh is fearr chun cuntais a riar, agus ar na forálacha forfheidhmithe atá ann i gcásanna neamhchomhlíonta.

Ba é líon iomlán na mbrústocairí ag deireadh 2022 ná 2,430. Tá tuilleadh eolais le feiceáil in **Aguisín a Dó** faoin líon iomlán a bhí ann ag deireadh na bliana.



## 1.2 Tuairisceáin ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta

Tráth scríofa na tuarascála seo, cuireadh isteach os cionn 11,600 tuairisceán do na trí thréimhse tuairiscithe in 2022. D'fhéadfadh athrú teacht ar an uimhir seo de réir mar a chuirtear tuairisceáin dhéanacha isteach sa chóras don bhliain 2022. Léirítear sna graif (in **Aguisín a Dó**) líon na dtuairisceán a fuarthas i leith gach tréimhse ábhartha, agus na 'hábhair ábhartha' is coitianta, agus na réimsí polasaí ar ndéileáladh leo sna tuairisceáin.

Rinneadh athbhreithniú ar gach tuairisceáin brústocaireachta in 2022 chun bheith cinnte gur chomhlíon siad an Achta<sup>1</sup>, go raibh an t-eolas iontu soiléir agus sothuigthe, agus gur cuireadh i láthair é go cuí. Nuair a aithnítear earráidí nó má aithnítear nár comhlíonadh fhorálacha an Achta, déanann an Coimisiún an cás a fhiosrú leis an gcláraí.

Má fhaigheann an Coimisiún nach raibh an t-eolas i dtuairisceán brústocaireachta ceart, nó má bhí sé míthreorach nó má fágadh mionshonraí ar lár, d'fhéadfadh an Coimisiún a chumhachtaí a úsáid chun an tuairisceán a bhaint nó d'fhéadfadh sé ceartúchán a iarraidh, mar is cuí. Go ginearálta, comhoibríonn cláraithe go pras nuair a iarrtar orthu a dtuairisceán a leasú nó tuilleadh eolais a sholáthar. Nuair a bhaineann an Coimisiún tuairisceán mícheart ag baint úsáide as a chuid cumhachtaí, measfar nár chuir an cláraí tuairisceán isteach ar an gcéad ásc agus tá baol neamhchomhlíonta ann. D'iarr an Coimisiún tuilleadh eolais i gcás 1,131 tuairisceán le linn 2022. I ngach cás, cuireadh an t-eolas sin ar fáil agus réitíodh an cheist a bhí ann. Dá réir sin, níor tharla sé in 2022 gur bhain an Coimisiún tuairisceán toisc nár cuireadh ar fáil an t-eolas a iarraidh.

## 1.3 Uasghrádú ar an gclár in 2022

Déantar feidhmiú an chláir ar líne a athbhreithniú go rialta, ó dhearcadh na n-úsáideoirí agus an riathóra araon, chun a chinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú chomh éifeachtúil agus chomh éifeachtach agus is féidir. Le linn 2022 aithníodh roinn saincheistanna feidhmiúcháin agus uasghrádaíodh an córas. Déanfar é a uasghrádú arís amach anseo nuair is gá.

<sup>1</sup> <https://www.irishstatutebook.ie/eli/2015/act/5/section/12/enacted/en/html#sec12>

**Caibidil a Dó :**

Oibríochtaí Rialála



# Caibidil a Dó

## Oibríochtaí Rialála

### 2.1 Iarratais ar fhoilsiú moillithe

Go ginearálta, tá sonraí bhrústocairí agus a ngíomhaíochtaí brústocaireachta le fáil don phobal ar an gClár Brústocaireachta.

Faoi alt 14 den Acht, is féidir le duine iarratas a dhéanamh chun go mbeidh moill ar fhoilsiú an eolais a bhí san iarratas a rinne duine nuair a chláraigh siad, nó ar fhoilsiú an tuairisceáin maidir lena ghníomhaíochta brústocaireachta. Ní foláir na cúiseanna seo a lua. Leagtar amach in **Aguisín a hAon** den tuarascáil seo, ról an Choimisiúin maidir leis an bhfoilsiú a chur siar.

Sa bhliain 2021, rinneadh iarratas amháin faoi alt 14 den Acht, foilsiú a chur siar i leith tuairisceáin amháin. Ceadaíodh an t-iarratas, tá an tréimhse moille dulta in éag anois agus foilsíodh an tuairisceán.

### 2.2 Imscrúduithe faoin Acht

Tugann alt 19 údarás don Choimisiún imscrúduithe a dhéanamh má mheastar gur sáraíodh an tAcht.

Déanann rúnaíocht an Choimisiúin gníomhaíochtaí brústocaireachta neamhchláraithe a mhonatóiriú trí fhaisnéis foinse oscailte, ar nós ailt sna meáin agus fógraí sna meáin shóisialta, ó ghearáin agus eolas a thugtar don Choimisiún, nó ó eolas atá sa chlár féin.

Tugadh dhá imscrúdú ar bhrústocaireacht ar aghaidh ó 2021 isteach in 2022 nach ndearnadh tuairisciú orthu, agus in 2022 seoladh dhá imscrúdú breise. Dhún an tAonad Gearáin agus Imscrúdaithe dhá fhiosrúchán le linn 2022 mar ní raibh an fhianaise ann gur tharla brústocaireacht gan tuairisciú sna cásanna sin. Cuireadh tuarascáil imscrúdaithe faoi bhráid an Choimisiúin. Ag deireadh 2022 bhí dhá imscrúdú ar bun.

### 2.3 Iarratais ar thoiliú chun srianta iarfhostaíochta a tharscaoileadh

Faoi alt 22 den Acht, tá Airí, Airí Stáit, comhairleoirí speisialta agus oifigigh phoiblí sinsearaigh atá forordaithe faoin alt 6(1) den Acht, faoi réir 'tréimhse mharana' ar feadh bliana amháin tar éis dóibh a gcuid fostaíochta nó a n-oifig a fhágáil. Le linn an ama sin, ní cheadaítear dóibh gabháil do bhrústocaireacht i gcúinsí áirithe, gan cead a fháil ón gCoimisiún.

Is féidir le duine lena mbaineann an tréimhse mharana iarratas a dhéanamh ar tharscaoileadh. Tá tuilleadh eolais le fáil in **Aguisín a hAon** den tuarascáil seo faoin fhorálacha alt 22 agus ról an Choimisiúin ina leith.

Is féidir cead a iarraidh ag am ar bith roimh nó le linn na tréimhse suaimhnithe. Má dhiúltaítear d'iarratas ar phost áirithe, ní chuirtear bac ar bith ar an duine sin iarratas eile a dhéanamh ar thoiliú maidir le ról eile.

Ní dhearnadh iarratas ar bith ar tharscaoileadh maidir leis an tréimhse mharana le linn 2022.

## 2.4 Cionta coiriúla faoin Acht

Forálann an tAcht do roinnt cionta coiriúla maidir le sáruithe ar riachtanais an Achta. Féadfaidh an Coimisiún imeachtaí achoimre i leith ciona a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh, ach ní fhéadfaidh ach an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí imeachtaí ar díotáil a thionscnamh.

Forálann Alt 21 go bhféadfaidh an Coimisiún fógra íocaíochta seasta (FPN) €200 a sheirbheáil ar dhuine a rinne cion, lena n-áirítear trí thuarisceán déanach ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach. Má theipeann ar dhuine an pionós a íoc laistigh de 21 lá, féadfaidh an Coimisiún dul ar aghaidh chun an cion a ionchúiseamh.

### Tuairisceáin dhéanacha ar ghníomhaíocht brústocaireachta

Ceanglaítear ar chláraí tuairisceán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta, lena n-áirítear tuairisceán niallais, faoin spriocdháta reachtúil. Is cion é mainneachtain tuairisceán a dhéanamh, nó tuairisceán a dhéanamh tar éis an spriocdháta ábhartha. Maidir le tuairisceáin dhéanacha a chur isteach, tá duine faoi dhliteanas ar chiontú achomair, fíneáil €2,500 a íoc

Eisíodh 468 fógra um pionóis socraithe san iomlán in 2022 as tuairisceáin dhéanacha a chur isteach. Eisíodh níos mó fógraí um pionóis socraithe in 2022 ná a eisíodh in 2021, figiúr a bhí níos airde ná an figiúr do 2020.

Chuir an Coimisiún 50 fógra um pionós socraithe ar ceal in 2022, sna cásanna seo a leanas:

- > fadhb theicniúil ar lobbying.ie a chuir cosc ar an duine tuairisceán a chur isteach in am;
- > tharla earráid riaracháin inar chuir an duine tuairisceán i ndúblach isteach go hearráideach don tréimhse mhícheart; agus/nó
- > níor ceanglaíodh ar an duine clárú agus gur chláraigh sé nó sí trí dhearmad.

Íocadh 413 fógra um pionós socraithe i rith na bliana as tuairisceáin a chur isteach go déanach.

Eisíodh 50 fógra maidir le hionchúiseamh ionchasach as neamhíocaíocht i leith fógraí um pionós socraithe.

## Cionta eile

I measc na sárúithe ábhartha eile ar an Acht tá mainneachtain clárú, mainneachtain tuairisceán a dhéanamh, mainneachtain comhoibriú le himscrúdú ar an gCoimisiún nó ordú ó oifigeach údaraithe, agus faisnéis mhíchruinn, bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar don Choimisiún d'aon ghnó. Maidir leo seo, dlífead fíneáil uasta €2,500 a chur ar an duine, ar é nó í a chiontú go hachomair, nó má chiontaítear ar díotáil é/í, fíneáil neamhtheoranta agus/nó príosúnacht dhá bhliain ar a mhéad a chur air/uirthi.

Go praiticiúil, is minic a bhíonn ar an gCoimisiún ionchúiseamh a dhéanamh i gcás inar theip ar bhrústocaire clárú tuairisceán a dhéanamh ar feadh tréimhse ábhartha. Eisíonn an Coimisiún fógra faoi chion d'aon chláraí ar theip air tuairisceán a dhéanamh faoin spriocdháta, agus tugtar coicís bhreise don duine tuairisceán ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach. Má theipeann ar an duine an tuairisceán a thíolacadh faoin dáta sin, féadfaidh an Coimisiún dul ar aghaidh chun an cion a ionchúiseamh.

In 2022, d'eisigh an Coimisiún 139 fógra san iomlán inar cuireadh in iúl don chláraí go raibh sé ar intinn acu ionchúiseamh a dhéanamh murar cuireadh isteach tuairisceán ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta. I gcásanna nár ceanglaíodh ar an gcláraí a bheith ar an gclár, toisc go raibh siad féin, agus/nó an chumarsáid, lasmuigh de raon feidhme an Achta, ceartaíodh an clár agus scriosadh tuairisceán nó clárú an duine, de réir mar is ábhartha. I ngach cás eile, chomhlíon an cláraí (agus thabhaigh sé FPN um íocaíocht dhéanach) agus níor leanadh leis an ionchúiseamh.

## Cionta a ionchúiseamh

In 2022, d'eisigh an Coimisiún 189 fógra san iomlán faoi ionchúiseamh féideartha de bharr cionta a bhaint le tuairisceáin nár cuireadh isteach (139 cás) agus tuairisceáin dhéanacha (50 cás). Cé gur go raibh mar thoradh ar na fógraí seo den chuid is mó, gur chomhlíon na clárúithe, tionscnaíodh dhá ionchúiseamh i leith mainneachtain tuairisceán a chur isteach don tréimhse ábhartha. Tugadh ionchúiseamh eile ar aghaidh ó 2021 go dtí 2023 i leith mainneachtain tuairisceán a dhéanamh. In dhá chás, chomhlíon na clárúithe ina dhiaidh sin agus tharraing an Coimisiún na hionchúiseamh siar. Tá ionchúiseamh amháin, a tionscnaíodh in 2022, fós os comhair na cúirte ag deireadh na bliana.

Lean an Coimisiún de bheith ag spreagadh comhlíonadh ar an gcéad dul síos. Laghdaigh for-rochtain agus cumarsáid éifeachtach le brústocaireí clárúithe go luath líon na gcomhad a d'fhéadfadh a bheith curtha ar aghaidh le haghaidh ionchúisimh gach bliain murach sin. Comhlíonann formhór na ndaoine a ndualgais nuair a dhéanann an tAonad Gearán agus Imscrúduithe teagmháil leo.

Glacann an Coimisiún cur chuige nach bhfuil chomh trócaireach céanna le brústocaireí a dhéanann brústocaireacht gan clárú, tréimhsí fillte a chailleadh arís agus arís eile agus/nó nach gcomhlíonann na hiarratais a dhéanann an Coimisiún nó nach dtéann siad i dteagmháil leis. I gcásanna den sórt sin, rachaidh an Coimisiún ar aghaidh chuig ionchúiseamh.

## 2.5 Faisnéis faoi Oifigigh Phoiblí Ainmnithe ar láithreáin ghréasáin comhlachtaí poiblí

Ceanglaítear leis an Acht nach mór do gach comhlacht a bhfuil oifigigh poiblí ainmnithe aige atá forordaithe i rialacháin Aireachta mar sheirbhísigh poiblí nó mar shealbhóirí oifige, liosta cothrom le dáta de na hoifigigh poiblí ainmnithe sin a fhoilsiú. Soláthraíonn ár láithreán gréasáin lobbying.ie naisc ábhartha leis na leathanaigh seo.

Roimh dheireadh gach tréimhse fillte, iarrtar ar chomhlachtaí poiblí liosta a sheiceáil agus a nuashonrú de réir mar is gá, ar liosta é a thaispeánann ainm, grád agus sonraí gearra ról agus freagrachtaí gach oifigigh poiblí ainmnithe atá forordaithe don chomhlacht. Iarrtar orthu freisin faisnéis a bhaineann le meithleacha nó tascfhórsaí atá ag feidhmiú faoina gcoimirce a dheimhniú agus a thabhairt cothrom le dáta.

I mí Eanáir 2022, rinne an Coimisiún teagmháil le gach comhlacht poiblí le hoifigigh poiblí ainmnithe chun a fhíorú go raibh an fhaisnéis cothrom le dáta, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- > Go raibh leathanach Um Brústocaireacht a Rialáil ag gach comhlacht ábhartha;
- > Ar foilsíodh nó an raibh ainm agus seasamh an duine/na naoine ar an leathanach; agus
- > Go raibh faisnéis ábhartha ag gach comhlacht ar a láithreán gréasáin maidir leis an gCód Trédhearcachta d'aon ghrúpa atá ag obair faoina choimirce.

Chinntigh an Coimisiún freisin go raibh naisc óna shuíomh gréasáin féin cruinn agus ag obair i gceart.

Ba ábhar misnigh iad torthaí an tsuirbhé seo. Chinn an Coimisiún go raibh leathanach gréasáin tiomnaithe ag gach comhlacht poiblí ábhartha ina liostaítear oifigigh poiblí ainmnithe chomh maith leis an bhfaisnéis ábhartha a bhaineann lena seasamh. D'fhoilsigh gach comhlacht a bhfuil grúpa acu atá ag feidhmiú faoin gCód Trédhearcachta an fhaisnéis ábhartha ar a leathanach Brústocaireacht a Rialáil.

# Caibidil a Trí:

Cumarsáid agus  
For-rochtain



# Caibidil a Trí

## Cumarsáid agus For-rochtain

### 3.1 Gníomhaíochtaí for-rochtana

Leanann an Coimisiún de dheiseanna a thapú chun tuiscint ar an Acht agus ar a oibleagáidí a chur chun cinn, d'fhonn tacú le comhlíonadh éifeachtach agus dea-chleachtais a roinnt. Leanadh le gníomhaíochtaí for-rochtana ar ardáin ar líne i rith 2022. Cuireann seisiúin fhíorúla ar chumas daoine páirt a ghlacadh ó gach cearn den tír agus ní chuireann siad aon srianta ar rannpháirtithe a d'fhéadfadh a bheith faoi réir teorainneacha taistil mar gheall ar shrianta ama nó airgeadais. s bealach éifeachtach i gcónaí é for-rochtain a úsáideann Twitter chun teagmháil a dhéanamh leis an bpobal i gcoitinne agus leis na daoine aonair agus na heagraíochtaí sin a bhfuil nó a bhféadfadh oibleagáidí a bheith orthu clárú agus tuairisceáin a dhéanamh faoin Acht.

#### Aibreán

- > Seisiún Faisnéise Tithe Oscailte Ar Líne ar an mbrústocaireacht a rialáil do chláráithe nua agus do chláráithe féideartha
- > Cur i láthair ar an mbrústocaireacht a rialáil in Éirinn i gcrúinniú comhchéime faoin mbrústocaireacht a reachtáil Trédhearcacht Idirnáisiúnta na hEastóine
- > Láithriú os comhair an Chomhchoiste Airgeadais, Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Taoisigh

#### Meán Fómhair

- > Seisiún Faisnéise Tithe Oscailte Ar Líne ar an mbrústocaireacht a rialáil do chláráithe nua agus do chláráithe féideartha

#### Samhain

- > Cur i láthair don Choiste um Chaighdeán Iompraíochta de chuid Senedd Cymru faoin mbrústocaireacht a rialáil in Éirinn
- > Comhdháil Bhliantúil Fhíorúil a reachtáil Lónra Eorpach na Rialtóirí um Brústocaireacht - Cur i láthair ar fhorbairtí ar an gClár Brústocaireachta 2022



# **Caibidil a Ceathair:**

Athbhreithniú Reachtach  
in 2022



# Caibidil a Ceathair

## Athbhreithniú Reachtach in 2022

### 4.1 Athbhreithniú reachtach ar an Acht le linn 2022

Ceanglaíonn an tAcht go ndéanfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe athbhreithniú gach trí bliana. Ar aon dul leis an bhforáil sin, rinneadh athbhreithniú ar an Acht in 2016 agus in 2019. Foilsíodh tuarascálacha ar ar dá athbhreithniú sin ar shuíomh gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe<sup>2</sup>. Ní dhearnadh aon leasú ar an Acht de bhun ceachtar den dá athbhreithniú.

Chuir an Coimisiún aighneacht faoi bhráid an athbhreithnithe 2019 ina raibh 22 moladh ar leith maidir le sainmhínithe, oibríochtaí, oibleagáidí iarfhostaíochta, forfheidhmiú agus nithe éagsúla eile an Achta<sup>3</sup>.

I mí Feabhra 2022, d'fhoilsigh an tAire scéim ghinearálta an Bhille um Brústocaireacht a Rialáil (Leasú), 2022<sup>4</sup>. Is díol sásaimh don Choimisiún foilsíú na scéime ginearálta, a ghlacann go leor de na moltaí a rinne an Coimisiún roimhe seo.

Bhí an Bille um Brústocaireacht a Rialáil (Leasú), 2022 ag dul tríd an bpróiseas reachtach ag deireadh na bliana 2022.

Leanfaidh an Coimisiún agus a rúnaíocht de bheith i dteagmháil leis an Aire agus lena Roinn, agus é mar aidhm acu a chinntiú go bhfuil an córas brústocaireachta chomh láidir agus chomh héifeachtach agus is féidir.

---


2 Le fáil ag <https://www.gov.ie/en/press-release/4565cc-minister-donohoe-publishes-first-review-of-the-regulation-of-lobbyin/> and <https://www.gov.ie/en/press-release/03dc61-government-publishes-the-2nd-statutory-review-of-the-regulation-of-l/>.

3 Le fáil ag <https://assets.gov.ie/37189/bd8fdb2210434214bff7ba70bf8cc1e9.pdf>.

4 Le fáil ag <https://www.gov.ie/en/press-release/5b89e-minister-mcgrath-publishes-general-scheme-to-amend-irelands-lobbying-legislation/>.

# **Aguisín a hAon:**

Ról Maoirseachta an  
Choimisiúin faoin *Acht um  
Brústocaireacht a Rialáil 2015*



## Aguisín a hAon:

### Ról Maoirseachta an Choimisiúin faoin *Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015*

#### Forbhreathnú ginearálta

Foráiltear leis an Acht go ndéanann duine a thagann faoi raon feidhme an Achta cumarsáid iomchuí (go bhfuil sé/sí ag déanamh brústocaireachta) i gcás go ndéanann sé/sí cumarsáid le hoifigeach poiblí ainmnithe maidir le ní iomchuí. Ní mór d'aon duine atá ag gabháil do ghníomhaíocht brústocaireachta clárú agus tuairisceáin rialta ar líne maidir lena g(h)níomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach.

Leagtar amach in alt 5(1) agus (2) den Acht na catagóirí duine a thagann faoi raon feidhme an Achta, is iad sin:

- > duine ag a bhfuil níos mó ná 10 fostaí lánaimseartha;
- > comhlacht ionadaitheach ag a bhfuil fostaí lánaimseartha amháin nó níos mó, agus is ann go príomhúil don chomhlacht sin ionadaíocht a dhéanamh ar son leasanna a chomhaltaí (ar adtugtar “comhlacht ionadaitheach”) i gcás go ndéantar na cumarsáidí iomchuí thar ceann aon duine de na comhaltaí;
- > duine ag a bhfuil fostaí lánaimseartha amháin nó níos mó agus is comhlacht é a fhiosraíonn saincheistanna áirithe (ar a dtugtar “comhlacht tathanta”) i gcás go mbaineann na cumarsáidí iomchuí le haon cheann de na saincheistanna sin;
- > aon duine (duine aonair nó eagraíocht) atá ag déanamh “cumarsáid iomchuí” faoi thalamh a fhorbairt nó a chriosú i gcás nach ionann an talamh sin agus a p(h)ríomháit chónaithe; agus
- > “brústocaire gairmiúil” a fhaigheann íocaíocht as gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh thar ceann duine a thagann faoi cheann amháin de na catagóirí daoine thuas.

Áirítear le hOifigigh Phoiblí Ainmnithe Airí den Rialtas agus Airí Stáit, Comhaltaí de Dháil Éireann agus de Sheanad Éireann, Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa do thoghlaigh in Éirinn, agus Comhaltaí d'Údaráis Áitiúla. Áirítear le hOifigigh Phoiblí Ainmnithe freisin comhairleoirí speisialta agus na státseirbhísigh agus na seirbhísigh poiblí is sinsearaí arna n-ainmniú mar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe le hOrdú ón Aire.

Is é is ní iomchuí ann aon ní a bhaineann le haon bheartas poiblí nó le haon Chlár poiblí a thionscnamh, a fhorbairt nó a mhodhnú, le hachtachán a ullmhú, nó le dámhachtain aon deontais, iasachta nó tacaíochta airgeadais eile, aon chonartha nó comhaontaithe eile, nó aon cheadúnais nó údaraithe eile lena ngabhann cistí poiblí. Is cumarsáidí iomchuí iad nithe a bhaineann le talamh agus a chriosú freisin.

Foráiltear le halt 5(5) den Acht do roinnt díolúintí maidir le cumarsáidí a meastar gur cumarsáidí iomchuí iad.

## An Clár Brústocaireachta

Is córas Gréasánbhunaithe atá sa Chlár é féin. Mar aon leis an gClár ar líne a óstáil, cuimsítear ar an suíomh gréasáin [www.lobbying.ie](http://www.lobbying.ie) uirlisí faisnéise agus treorach lena mínítear na próisis le haghaidh clárú agus tuairisceáin a chur isteach.

Ní ghearrtar aon chostas i leith clárú, tuairisceáin a chur isteach ná teacht ar an bhfaisnéis atá ar fáil sa Chlár. Cé go bhfuil sé de fhreagracht ar an gCoimisiún maoirseacht a dhéanamh ar bhunú agus ar chothabháil an Chláir, bíonn ábhar an Chláir faoi réir na faisnéise a thugtar sna hiarratais ar chlárú agus sna tuairisceáin a chuireann cláraithe isteach.

Ní mór d'aon duine atá ag gabháil do ghníomhaíocht brústocaireachta clárú agus tuairisceáin a chur isteach trí huair in aghaidh na bliana, ina gcuimsítear na "tréimhsí iomchuí" forordaithe (an 1 Eanáir – an 30 Aibreán, an 1 Bealtaine – an 31 Lúnasa, agus an 1 Meán Fómhair – an 31 Nollaig). Ní mór na tuairisceáin a chur isteach faoi na "dátaí iomchuí" forordaithe faoi seach (an 21 Bealtaine, an 21 Meán Fómhair agus an 21 Eanáir faoi seach).

Ní mór na nithe seo a leanas a léiriú sa tuairisceán: cé hé/hí a ndearnadh brústocaireacht air/ uirthi; ábhar na gníomhaíochta brústocaireachta agus na torthaí a bheartaigh an duine a bhaint amach léi. Ní mór cineál agus méid na gníomhaíochta brústocaireachta a léiriú sa tuairisceán freisin. Má seoladh an ghníomhaíocht brústocaireachta thar ceann cliant, ní mór sonraí faoin gcliant a chur ar fáil sa tuairisceán.

## Forálacha Eile

### Iarratais ar fhoilsiú a mhoilliú faoi alt 14 den Acht

Faoi alt 14 den Acht, féadfaidh duine iarratas a dhéanamh ar mhoill a chur ar fhoilsiú na faisnéise atá ina (h)iarratas ar chlárú nó ina t(h)uairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta i gcás, maidir le haon fhaisnéis a chur ar fáil, go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis:

- > go mbeadh drochéifeacht thromaí ag an gcur ar fáil sin ar leasanna airgeadais an Stáit, ar an ngeilleagar náisiúnta, nó ar leasanna gnó i gcoitinne nó ar leasanna gnó daoine d'aon tuairisc (iarratas arna dhéanamh faoi alt 14(1)(a) den Acht), nó
- > go mbeadh an cur ar fáil sin ina chúis le cailteanas airgeadais ábhartha don duine lena mbaineann an fhaisnéis nó go ndéanfaí dochar mór leis an gcur ar fáil sin do staid iomaíochta an duine sin i seoladh shlí bheatha, ghairm nó ghnó an duine nó do thoradh aon chaibidlí conarthacha nó eile atá á seoladh ag an duine sin (iarratas arna dhéanamh faoi alt 14(1)(b) den Acht).

Má dhéantar iarratas faoi alt 14(1)(a), ceanglaítear ar an gCoimisiún dul i gcomhairle le haon Aire/Airí iomchuí den Rialtas ina leith. Ní cheanglaítear ar an gCoimisiún dul i gcomhairle le hAire/Airí más faoi alt 14(1)(b) a dhéantar an t-iarratas. (D'fhéadfadh an Coimisiún dul i gcomhairle le hAire maidir le hiarratas a bhaineann le halt 14(1)(b), má mheasann go bhfuil sé sin iomchuí).

Foráiltear le halt 14(9) den Acht gurb amhlaidh, nuair a fhoilseoidh an Coimisiún na tuairisceáin dá éis sin, nach mór dó míniú a fhoilsiú ar an gcúis ar moillíodh foilsiú na faisnéise.

Foráiltear le halt 14(11) den Acht go bhféadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh foilsiú a mhoilliú níos mó ná uair amháin i ndáil le faisnéis atá i dtuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta.

## **An tréimhse “mharana” dá bhforáiltear faoi alt 22 den Acht**

Foráiltear le halt 22 den Acht go mbeidh Airí den Rialtas, Airí Stáit, comhairleoirí speisialta agus seirbhísigh poiblí shinsearacha arna bhforordú chun críocha alt 6(1) den Acht faoi réir tréimhse mharana aon bhliana. Is tréimhse é sin ar lena linn nach bhféadfaidh siad gabháil do ghníomhaíochtaí brústocaireachta in imthosca sonracha agus nach bhféadfaidh siad bheith fostaithe ag duine, ná nach soláthróidh siad seirbhísí do dhuine, a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta. Is ionann an tréimhse mharana agus an tréimhse aon bhliana amháin dar tosach an lá a scoir an duine dá bheith ina (h)Oifigeach Poiblí Ainmnithe.

Is iad na himthosca lena mbaineann alt 22 den Acht aon imthosca, a bhaineann le cumarsáidí a dhéanamh arb ionann iad agus gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh:

- > go bhfuil baint acu le haon chomhlacht seirbhíse poiblí lena raibh an duine fostaithe nó lena raibh oifig nó post eile ina s(h)eilbh sa bhliain sular fhág sé/sí an comhlacht, nó
- > gur chuig duine a bhí ina (h)Oifigeach Poiblí Ainmnithe freisin agus a bhí fostaithe nó a raibh oifig nó post eile ina s(h)eilbh leis an gcomhlacht seirbhíse poiblí sin sa bhliain sular fhág sé/sí an comhlacht.

Féadfaidh duine atá faoi réir na tréimhse mharana aon bhliana iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún go ndéanfaí an tréimhse mharana a tharscaoileadh.

Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh toiliú gan choinníoll a thabhairt le laghdú na tréimhse marana nó le tarscaoileadh na tréimhse marana nó féadfaidh sé coinníollacha a chur ag gabháil leis an toiliú. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh diúltú toiliú a thabhairt i leith iomlán na tréimhse marana ná i leith aon choda di.

## Achomhairc

Faoi alt 23 den Acht, is amhlaidh, maidir le haon duine arb éagóir leis/léi breith ón gCoimisiún faoi ailt 10(5) (a bhaineann le faisnéis mhíchruinn a thuairisciú ar an gclár), alt 14 (foilsiú moillithe), nó alt 22 (tréimhse mharana) go bhféadfaidh sé/sí achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe ón gCoimisiún. Chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe painéil oifigeach achomhairc neamhspleách ar bun chun achomhairc den sórt sin a éisteacht. Faoi alt 23, tarchuirfear an t-achomharc chuig oifigeach achomhairc neamhspleách, ar duine é/í a fhéadfaidh seasamh le breith ón gCoimisiún nó an bhreith a aisiompú agus breith eile a chur ina háit.

Foráiltear le halt 24 den Acht go bhféadfar achomharc in aghaidh na breithe ón oifigeach achomhairc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt.

## Forálacha imscrúdaithe agus forfheidhmithe

Cuimsítear san Acht roinnt forálacha imscrúdaithe agus forfheidhmithe a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2017.

Ar deireadh, foráiltear le halt 2 den Acht d'athbhreithniú reachtach a dhéanamh ar an Acht. Tar éis an athbhreithnithe, féadfaidh an tAire breithniú a dhéanamh ar leasuithe féideartha ar an Acht. Ní mór don Aire tuairisc a thabhairt do Thithe an Oireachtais ar thoradh an athbhreithnithe agus ar aon mholtaí maidir le leasuithe ar an Acht.

## Ionstraimí reachtúla

Tugadh seacht n-ionstraim reachtúla isteach faoin Acht, ba iad sin:

- > Na Rialacháin fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, (Oifigigh Phoiblí Ainmnithe) (I.R. Uimh. 144 de 2019);
- > An tOrdú fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Tosach Feidhme) (I.R. Uimh. 152 de 2015);
- > Na Rialacháin fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Achomhairc), 2015 (I.R. Uimh. 366 de 2015);
- > Na Rialacháin fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Oifigigh Phoiblí Ainmnithe) (I.R. Uimh. 367 de 2015);
- > An tOrdú fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Tosach Feidhme), 2016 (I.R. Uimh. 360 de 2016);
- > Na Rialacháin fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Fógra Íocaíochta Seasta), 2016 (I.R. Uimh. 361 de 2016); agus
- > Na Rialacháin fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Oifigigh Phoiblí Ainmnithe), 2016 (I.R. Uimh. 362 de 2016).

# **Aguisín a Dó:**


Staitisticí






## Aguisín a Dó: Staitisticí


**Figiúr 1 – An líon iomlán cláraithe ag deireadh bliana**



**Figiúr 2 – An líon tuairisceán a fuarthas, de réir tréimhse tuairiscithe**



### Figiúr 3 – Na cúig réimse beartais phoiblí is mó a ndearnadh brústocaireacht ina leith in 2022



### Figiúr 4 – Iarratais leis an tréimhse mharana d'iarfhostaithe ón tseirbhís phoiblí a tharscaoileadh, 2015 to 2022

Iarratais a fuarthas								
	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022
Airí	0	0	0	0	0	0	0	0
Airí Stáit	0	0	0	0	0	0	0	0
Comhairleoirí Speisialta Aire	0	1	3	2	2	8	5	0
Seirbhísí stáit forordaithe	0	1	2	0	0	0	0	0
<b>IOMLÁN</b>	<b>0</b>	<b>2</b>	<b>5</b>	<b>2</b>	<b>2</b>	<b>8</b>	<b>5</b>	<b>0</b>

## Figiúr 5 – Láthair réigiúnach na gcláraithe ag deireadh 2022

Iomlán Oileán na hÉireann 2,308  
 An Bhreatain Mhór: 81  
 An Bheilg: 17  
 SAM: 12  
 An Eilvéis: 2  
 Lucsamburg: 1  
 An Fhrainc: 2  
 An Ghearmáin: 2  
 Iosrael: 1  
 An Iodáil: 1  
 An Ísiltír: 1  
 An Astráil: 1  
 Ceanada: 1  
**Iomlán: 2,430**

